

Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig agus Rang a Sé	Ábhar Béarla
Snáithe Teanga Bhéil	Snáithaonad Glacacht le teanga. Inniúlacht agus muinín agus teanga á húsáid. Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga. Forbairt mhothúcháin agus samhlaíochta trí theanga.	
Teideal Díospóireacht an Fhuinnimh		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go bhforbróidh na leanaí smaointe agus go bpléifidh siad saincheistanna mórinní a bhaineann le fuinneamh. Déanfaidh na daltaí údar a thabhairt le tuairimí nó dearcthaí ar leith a d'fhorbair siad agus iad a chosaint agus féachfaidh siad le háitiú ar dhaltaí eile tacú le barúil ar leith.		
Scileanna atá Riachtanach Léitheoireacht; Éisteacht; Tuiscint; Scríbhneoireacht; Litriú; Gramadach; Dréachtú; Athbhreithniú agus eagarthóireacht; Samhlaíocht, Cruthaitheacht agus Muinín a Fhorbairt agus teanga bhéil á húsáid; Scríbhneoireacht; Litriú; Gramadach; Dréachtú; Athbhreithniú agus eagarthóireacht; Aird, Cuimhne, Loighic agus Réasúnaíocht, Próiseáil Éisteachta, Próiseáil Amhairc agus Luas Próiseála.		
Cuspóirí foghlama Cuirfear ar chumas an linbh: Breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist a bhfuil díospóireacht á déanamh uirthi a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite in aghaidh fuinneamh neamh-in-athnuaite. Na comhpháirtithe sóisialta éagsúla a bhfuil leas acu sa díospóireacht a liostú. An ról mar dhuine amháin de na páirtithe leasmhara sin a imirt i ndíospóireacht ardspéise. Measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a bpiaraí i ndíospóireacht rólimeartha sa seomra ranga.	Gníomhaíochtaí foghlama Labhairt agus Plé: Mínigh don rang go mbeidh siad ag glacadh páirt inniu i ndíospóireacht a scrúdaíonn dearcthaí éagsúla nó barúlacha éagsúla d'argóint. Is í an argóint a bhfuil díospóireacht á déanamh uirthi inniu ná fuinneamh in-athnuaite in aghaidh fuinneamh neamh-in-athnuaite. Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtuigeann na leanaí na téarmaí 'fuinneamh in-athnuaite' agus 'fuinneamh neamh-in-athnuaite' agus an difríocht eatarthu. Pléigh na príomhbhreoslaí iontaise leis an rang. Is iad sin ola, gual agus gás. Pléigh na príomhchineálacha d'fhuinneamh in-athnuaite mara leis na leanaí. Is iad sin fuinneamh hidrileictreach, fuinneamh gaoithe, fuinneamh taoide agus fuinneamh na dtonn. Déanann na leanaí féin taighde níos mine ar na réimsí a luaite is atá eolas acu ar	

an bpáirtí leasmhar a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu air.

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a chur san áireamh in ábhair fhéideartha le haghaidh na díospóireachta:

- 'Bhainfeadh Éire leas as fuinneamh in-athnuaite aigéin a úsáid'.
- 'Éireoidh go maith le breoslaí iontaise in Éirinn'.
- 'Ba chóir d'Éirinn foinsí malartacha fuinnimh ar nós fuinneamh núicléach a bhreithniú'

Déan cinneadh ar líon na bhfoirne páirtithe leasmhara a theastaíonn uait bunaithe ar líon na leanaí sa rang. B'fhearr 3 leanaí a chur i ngach foireann páirtithe leasmhara agus an líon céanna a chur i bhfoirne le haghaidh gach taoibh den argóint fhreasúrach.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a áireamh le samplaí de pháirtithe leasmhara: comhshaolaithe, eolaithe, taighdeoirí, saineolaithe teicneolaíochta mara, pobail, gnóthais, gníomhaithe agus polaiteoirí.

Scríobh ainmneacha na bpáirtithe leasmhara ar cártaí innéacs. Scríobh ainm páirtí leasmhair amháin ar gach cárta agus cuir na cártaí i mbosca. Iarr ar na leanaí cárta a tharraingt. Téann na daltaí isteach i bhfoirne leis na daltaí eile a tharraing an cárta páirtí leasmhair céanna. Tá an fhoireann freagrach as ionadaíocht a dhéanamh dá bpáirtí leasmhar agus as argóint a cheapadh. Cuirfidh siad an argóint sin i láthair ina ndíospóireacht.

Úsáid as TFC:

D'fhéadfadh na foirne ríomhairí glúine a úsáid chun roinnt taighde a dhéanamh ar a n-ábhar.

	<p>Labhairt agus Plé: Cuireann gach páirtí leasmhar a mbarúil féin i láthair. D'fhéadfaí croschur ceisteanna a chur san áireamh inar féidir leis na páirtithe leasmhara difriúla ceisteanna a chur faoi argóintí na bpáirtithe leasmhara eile.</p> <p>Foghlaim Ghníomhach: Díospóireacht Siúil: Chun críochnú, seasann na leanaí go léir i lár an tseomra. Cuir comhartha ar a bhfuil 'fuinneamh in-athnuaite' scríofa ar thaobh amháin den seomra agus cuir comhartha ar a bhfuil 'fuinneamh neamh-in-athnuaite' scríofa ar an taobh eile. Siúlann na leanaí chuig an taobh a cheapann siad go ndearna an argóint is éifeachtaí. Ní mór do na leanaí a bheith ábalta údar a thabhairt ó bhéal leis an rogha a rinne siad. Léireoidh siad gur éist na daltaí le gach argóint agus go ndearna siad anailís orthu.</p> <p>Acmhainní</p> <p>Cártaí Innéacs</p> <p>Comharthaí</p> <p>Ríomhairí glúine agus rochtain Idirlín</p>
<p>Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p>Measúnú Soiléireacht agus Áititheacht na hargóinte. Breathnú agus ceistiú ag an múinteoir. Anailísiú agus Éisteacht.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú Scríbhneoireacht Bhéarla: D'fhéadfadh na daltaí úsáid a bhaint as gníomhaíocht scríbhneoireachta chun na fíricí a d'ardaigh an fhoireann fhreasúrach a insint.</p>	

Explorers Education Programme



Tíreolaíocht: Tá na leanaí ag déanamh machnamh agus plé ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint an imshaoil. D'fhéadfadh siad breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh siad sin dul i bhfeidhm orthu ina bpobal féin.

Eolaíocht: Déanann na leanaí taighde breise ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar fhoinsí neamh-in-athnuaite fuinnimh.

OSPS: Forbraíonn na leanaí comhbhá mar go bhfuil siad ag breithniú conas a d'fhéadfadh ábhar na díospóireachta dul i bhfeidhm ar pháirtithe leasmhara éagsúla.